**An Bhruiséil, 1 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**9869/25**

**LIMITE**

**CORLX 554**
**CFSP/PESC 836**
**RELEX 756**
**COAFR 130**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/735 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/735**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/735 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 748/2014[1],agus go háirithe Airteagal 22(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 117, 8.5.2015, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/735/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/735.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2015/735, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Tháinig an Chomhairle ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh duine amháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735 a choinneáil ar bun agus gur cheart an iontráil don duine sin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2015/735 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/735, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil Uimh. 1:

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '1. | Michael MAKUEI LUETH | Dáta breithe: 1947<br>Áit bhreithe: Bor, an tSúdáin Theas; Bor, an tSúdáin<br>Inscne: fireann | Tá Michael Makuei Lueth sa phost mar Aire Faisnéise agus Craolacháin ó 2013 i leith agus tá sé fós sa phost sin i Rialtas Idirthréimhseach Athbheoite na hAontachta Náisiúnta sa tSúdáin Theas. Bhí sé ina urlabhraí poiblí freisin do thoscaireacht an rialtais chuig cainteanna síochána an Údaráis Idir-rialtasaigh Forbartha ó 2014 go 2015 agus ó 2016 go 2018.<br>Chuir Michael Makuei Leuth bac, go háirithe trí ráitis phoiblí ghríosaitheacha, ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Réiteach na Coinbhleachta sa tSúdáin Theas (ARCSS) i mí Lúnasa 2015 (ar cuireadh "ARCSS Athbheoite" (R-ARCSS) ina ionad i mí Mheán Fómhair 2018), ar obair Choimisiún Comhpháirteach Faireacháin agus Meastóireachta ARCSS (JMEC, a athainmníodh mar "JMEC Athbhunaithe" faoi R-ARCSS), ar bhunú Institiúidí Ceartais Idirthréimhsigh ARCSS (dá bhforáiltear freisin in R-ARCSS), agus ar oibríochtaí Fhórsa Cosanta Réigiúnaí na Náisiún Aontaithe. | 3.2.2018'. |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, tá baint ag Michael Makuei Leuth le ciorrú córasach an spáis pholaitiúil agus dhaonlathaigh agus le cur faoi chois na meán, , lena n-áirítear trí bhagairtí rialta ar iriseoirí agus trí thacaíocht a thabhairt do chinsireacht na meán, rud a chuireann bac ar an daonlathú agus ar an tsíocháin inbhuanaithe sa tSúdáin Theas.<br>Ó thús 2025, dhiúltaigh Michael Makuei Leuth go poiblí d'iarrataí ar idirphlé, le reitric achrannach agus tarcaisneach, agus an teannas ag éirí níos measa. Chosain Michael Makuei Leuth na gabhálacha i gcoinne an Chéad Leas-Uachtaráin Riek Machar agus a chomhghuaillithe, rud a chuir bac ar iarrachtaí an lasóg a bhaint den bharrach.<br>Tá bac á chur, dá bhrí sin, ag Michael Makuei Leuth ar an bpróiseas polaitiúil sa tSúdáin Theas agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. | |

PUBLIC